


AG DUL CHUN AN tSIOPA



Pictiúr: Radharc:

An chistin (Ceacht 11), Mamaí ag ullmhú an tae, Páid ina shuí cois na tine agus é ag léamh leabhair; píosa caoga pingin le cur i láimh Mhamaí. Bullóg aráin, siopa, rothar, uachtar reoite, píosaí airgid (.i. briseadh), comhartha ceiste le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann.

Gníomhartha agus géaitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

Céim 4: bainne; iasc, subh, im (Ceacht 11); cabáiste, prátaí (Ceacht 7).

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí Mamaí agus Páid sa bhaile. Thosaigh Páid ag foghlaim na gceachtanna. Thosaigh Mamaí ag ullmhú an tae. Ní raibh arán ar bith aici.

Agallamh

MAMAÍ: Téigh go dtí an siopa, a Pháid, agus faigh arán dom.

PÁID: Maith go leor, a Mhamaí. An bhfuil cead agam dul ar mo rothar?

MAMAÍ: Tá, cinnte.

Cuntas Reatha

Thug Mamaí píosa caoga pingin dó.

Agallamh

PÁID: An bhfuil aon rud eile uait, a Mhamaí?

MAMAÍ: Níl. Ach ceannaigh uachtar reoite duit féin.

PÁID: Go raibh maith agat.

MAMAÍ: Agus ná caill an briseadh.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Céard faoi Pháid agus Mhamaí?

Céard a rinne Páid?

Bhí Mamaí ag obair, is dócha?

An raibh arán aici?

Tusa, a “Mhamaí”, abair le Páid dul go dtí an siopa.

Freagair í, a “Pháid”.

Cuir ceist uirthi faoin rothar.

An bhfuil cead aige, a “Mhamaí”?

Céard a rinne Mamaí, ansin?

Cuir ceist ar Mhamáí, a “Pháid”.
 An bhfuil, a “Mhamáí”?
 Agus céard faoin uachtar reoite?
 Cad a déarfaidh tú le Mamaí, a “Pháid”?
 Céard faoin mbriseadh, a “Mhamáí”?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Ní raibh *arán* ar bith aici.
 (*iasc, cabáiste, prátaí, subh, im, bainne, airgead*, etc.).
2. Thug Mamaí píosa caoga pingin dó.
 (*anois,* amárach; níor: inné; ar?: inné; ní, an?: amárach*).
3. An bhfuil aon rud eile *uait*?
 (*eisean, Seán, an buachaill*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma:
 Tá an páipéar ag teastáil ó Dhaidí: é ag iarraidh ar Pháid dul
 go dtí an siopa chun é a cheannach
nó
 an chaint a tharla idir Páid agus an siopadóir.
3. Scéal beag a chumadh:
 Chaiлл Páid an briseadh ar a bhealach abhaile ón siopa.

*.i. “Tá Mamaí ag tabhairt píosa caoga pingin dó”.

4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Téigh go dtí an siopa, a Pháid,
 Ná bac le milseáin ná seacláid,
 Ach ceannaigh siúcra, im is tae,
 Ó! brostaigh ort, tá an béile réidh!

Curfá
 Um, um, um, um,
 Uachtar reoite, um, um,
 Um, um, um, um,
 Uachtar reoite, um, um.

II

Cheannaigh Páid na rudaí go léir,
 ‘S bhí sé ar ais in am suipéir;
 Bhí poll an-mhór i gcóta Pháid,
 Is chaill sé an briseadh amuigh sa tsráid.

Curfá
 Um, um, um, um,
 Uachtar reoite, um, um,
 Um, um, um, um,
 Uachtar reoite, um, um.